*Uimhir* 2 *de* 1996

# Acht Choláiste Talmhaíochta Chaisleán Bhaile Sheonach (Leasú), 1996

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 2 *de* 1996

# ACHT CHOLÁISTE TALMHAÍOCHTA CHAISLEÁN BHAILE SHEONACH (LEASÚ), 1996

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

Alt

1. Leasú ar Acht Choláiste Talmhaíochta Chaisleán Bhaile Sheonach (Leasú), 1959.

2. Gearrtheideal agus comhlua.

## Na hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| An tAcht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988 | 1988, Uimh. 18 |
| Achtanna Choláiste Talmhaíochta Chaisleán Bhaile Sheonach, 1945 go 1980 | |
| Acht Choláiste Talmhaíochta Chaisleán Bhaile Sheonach (Leasú), 1959 | 1959, Uimh. 30 |

*Uimhir* 2 *de* 1996

# ACHT CHOLÁISTE TALMHAÍOCHTA CHAISLEÁN BHAILE SHEONACH (LEASÚ), 1996

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEASÚ ACHT CHOLÁISTE TALMHAÍOCHTA CHAISLEÁN BHAILE SHEONACH (LEASÚ), 1959.

[28 *Feabhra* 1996]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Leasú ar Acht Choláiste Talmhaíochta Chaisleán Bhaile Sheonach (Leasú), 1959.

**1.—**Leasaítear leis seo Acht Choláiste Talmhaíochta Chaisleán Bhaile Sheonach (Leasú), 1959, tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 3:

"3.—(1) Is chun críche coláiste talmhaíochta tuaithe agus chun taighde talmhaíochta a stiúradh, agus ní chun críche ar bith eile, faoi réir fhorálacha an ailt seo, a úsáidfear an tEastát.

(2) D'ainneoin fhorálacha alt 27 den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988, féadfaidh Teagasc—

(*a*) cibé cuid den Eastát a dhiúscairt, de réir mar a chinnfidh sé, ach ar cuid í nach mó ná 5 faoin gcéad den talamh atá ar áireamh san Eastát ar thosach feidhme *Acht Choláiste Talmhaíochta Chaisleán Bhaile Sheonach (Leasú), 1996*, chun a húsáide chun críoch comhshaoil, oidhreachta, taitneamhachta nó áineasa, agus

(*b*) cibé cuid den Eastát, de réir mar a chinnfidh Teagasc, a léasú leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun a húsáide aici chun críocha na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil.

(3) Ní dhéanfar talamh a dhiúscrófar faoi mhír (*a*) d'fho-alt (2) den alt seo a úsáid ach chun críche a shonrófar sa mhír sin, agus chun na críche sin amháin, agus ní dhéanfar talamh atá á léasú faoi mhír (*b*) den fho-alt sin a úsáid ach chun críche a shonrófar sa mhír sin, agus chun na críche sin amháin.".

Gearrtheideal agus comhlua.

**2.—**(1) Féadfar Acht Choláiste Talmhaíochta Chaisleán Bhaile Sheonach (Leasú), 1996, a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar Achtanna Choláiste Talmhaíochta Chaisleán Bhaile Sheonach, 1945 go 1996, a ghairm d'Achtanna Choláiste Talmhaíochta Chaisleán Bhaile Sheonach, 1945 go 1980, agus den Acht seo le chéile.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€0.76

9 781399 307512